

Socruithe Ath-implonaithe ag Leibhéal na hIar-bhunscoile do Buanmhúinteoirí agus Múinteoirí ar Chonradh Téarma Éiginnte (*Contract of Indefinite Duration, CTÉ*)

Márta 2017

Baineann an doiciméad seo leis na scéimeanna ath-implonaithe do mhúinteoirí iomarcacha:

- [mar thoradh ar dhúnadh scoile](#)
- [seachas i gcásanna ina bhfuil dúnadh scoile i gceist](#)

Tá an t-eolas atá sa doiciméad seo ábhartha chomh maith maidir leis:

- An scéim ath-implonaithe do mhúinteoirí a fuair CTÉ mar thoradh ar ionadaíocht a dhéanamh do mhúinteoir atá ar shos gairme nó ar iasacht – Cuid A, Alt 7 de [Chiorclán 0024/2015 - Feidhmiú mholtaí an ghrúpa saineolaithe ar fhostaíocht téarma seasta agus pháirtaimseartha san oideachas bunscoile agus san oideachas dara leibhéal in Éirinn.](#)
- Scéim ath-implonaithe do mhúinteoirí nuair atá mí-oiriúnú i gceist idir riachtanais churaclaim na scoile agus a cuid acmhainní maidir le soláthar foirne - Cuid D de [Chiorclán 0024/2015.](#)
- [Scéim Phíolótach um Ath-implonú Deonach 2017.](#)

Tá tuilleadh eolais ar fáil in:

- [Ceisteanna Coitianta – Ath-implonú de réir Chiorclán 0024/2015](#)
- [Ceisteanna Coitianta – Scéim Phíolótach um Ath-implonú Deonach](#)

Tá an doiciméad seo leagtha amach i bhformáid Ceisteanna Coitianta agus tá sé ceaptha chun cabhrú le bainistíocht na scoile agus le múinteoirí an próiseas ath-implonaithe a fheidhmiú ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Cuirfear tuilleadh Ceisteanna Coitianta leis de réir mar is gá.

Ba chóir gach ceann de na ceisteanna coitianta sa doiciméad seo a léamh sa chomhthéacs gurb é an fheidhm bhunúsach atá ag na socruithe ath-implonaithe ná ath-implonú na mbuanmhúinteoirí/ múinteoirí CTÉ le cois chuig scoileanna eile ina bhfuil folúntais a éascú. Tá ath-implonú na mbuanmhúinteoirí/múinteoirí CTÉ le cois fíorthábhachtach maidir le cumas na Roinne feidhmiú laistigh dá buiséad párolla agus dá huasteorainn ar uimhreacha múinteoirí.

Léiríonn an doiciméad seo na comhaontuithe éagsúla a rinneadh maidir le hath-implonú múinteoirí iar-bhunscoile.

Tá an doiciméad leagtha amach i gcodanna mar seo a leanas:

Cuid 1 Eolas do Bhainistíocht Scoile/do Phríomhoifigeach ar scoil/BOO le múinteoirí sa bhreis ar a leithdháileadh maidir le soláthar foirne

Cuid A Cúlra

Cuid B Nósanna imeachta do scoileanna/BOO a bhfuil buanmhúinteoirí/múinteoirí CTÉ le cois acu

Cuid C Riachtanais fógraíochta do scoileanna/BOO a bhfuil folúntais acu

Cuid D Nósanna imeachta do mhúinteoirí atá ag déanamh iarratais ar ath-implonnú

Cuid E Nósanna imeachta maidir le folúntais a líonadh trí scéimeanna ath-implonnaithe

Cuid 2 Eolas do Bhuanmhúinteoirí/do Mhúinteoirí CTÉ i scoil/BOO a bhfuil múinteoirí acu sa bhreis ar a leithdháileadh maidir le soláthar foirne

Cuid A Cúlra

Cuid B Nósanna imeachta do scoileanna/BOO a bhfuil buanmhúinteoirí/múinteoirí CTÉ le cois acu

Cuid C Nósanna imeachta do mhúinteoirí atá ag déanamh iarratais ar ath-implonnú

Cuid D Nósanna Imeachta maidir le folúntais a líonadh trí scéimeanna ath-implonnaithe

Ba chóir an doiciméad seo a léamh i gcomhar leis na socrúithe maidir le soláthar foirne d'iarbhunscoileanna a fhoilsítear go bliantúil ar [shuíomh gréasáin na Roinne](#).

Tá sé tábhachtach a thabhairt do d'aire go mbraitheann leithdháileadh gach post múinteoireachta ar scoileanna a bheith ag comhlíonadh na socrúithe ath-implonnaithe. Déanann an Roinn athbhreithniú ar an eolas a fhaightear i bhfeidhmiú phárolla na múinteoirí chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na socrúithe sin. Ní cheadófar do scoileanna nár chomhlíon na socrúithe ath-implonnaithe folúntais a líonadh.

Tá sé mar chuspóir leis an scéim ath-implonnaithe go mbeidh sí curtha i gcrích faoin 31 Bealtaine gach bliain.

Cuid 1

Eolas do Bhainistíocht Scoile/do Phríomhoifigeach scoile/BOO a bhfuil múinteoirí sa bhreis ar a leithdháileadh maidir le soláthar foirne acu.

Cuid A	Cúlra
Cuid B	Nósanna imeachta do scoileanna/BOO a bhfuil buanmhúinteoirí/múinteoirí CTÉ sa bhreis acu
Cuid C	Riachtanais fógraíochta do scoileanna/BOO a bhfuil folúntais acu
Cuid D	Eolas do Bhuanmhúinteoirí/do Mhúinteoirí CTÉ atá ag déanamh iarratais ar ath-implonú i scoil/BOO a bhfuil múinteoirí acu sa bhreis ar a leithdháileadh maidir le soláthar foirne
Cuid E	Nósanna Imeachta maidir le folúntais a líonadh trí na scéimeanna ath-implonnaithe

Cuid 1 Eolas do Bhainistíocht Scoile/do Phríomhoifigeach ar scoil/BOO le múinteoirí sa bhreis ar a leithdháileadh maidir le soláthar foirne

Cuid A Cúlra

1. Cén fáth a bhfuil próiseas ath-implonaithe ann?

Tá sé mar fheidhm bhunúsach ag na socrúithe ath-implonaithe athlonnú gach buanmhúinteora/múinteora CTÉ le cois chuig scoileanna ina bhfuil folúntais a éascú. Tá ath-implonú na mbuanmhúinteoirí/múinteoirí CTÉ le cois fíorthábhachtach maidir le cumas na Roinne feidhmiú laistigh dá buiséad párolla agus dá huasteorainn ar uimhreacha múinteoirí.

2. Conas an fheidhmíonn an próiseas ath-implonaithe?

Tá beirt Stiúrthóirí ar Ath-implonú fostaithe ag an Roinn chun an próiseas ath-implonaithe a fheidhmiú ag leibhéal na hiar-bhunscoile.

Ath-implonfaíonn na Stiúrthóirí ar Ath-implonú na buanmhúinteoirí/múinteoirí CTÉ le cois i scoil/BOO a ainmnítear i gcomhair ath-implonaithe agus múinteoirí i scoileanna/BOO a dhéanann iarratas ar ath-implonú deonach chuig scoileanna ina bhfuil folúntais.

3. Cathain a tharlaíonn an próiseas ath-implonaithe?

Tarlaíonn an próiseas ath-implonaithe d'iar-bhunscoileanna i mí an Aibreáin agus i mí na Bealtaine. Tá sé mar chuspóir ag an scéim go mbeidh sí curtha i gcrích faoin 31 Bealtaine gach bliain.

4. Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh ar ath-implonú faoi Scéimeanna ath-implonaithe na hiar-bhunscoile?

Chun a bheith i dteideal ath-implonaithe faoi na scéimeanna, ní mór do mhúinteoir:

- a bheith ina b(h)uanmhúinteoir/m(h)úinteoir CTÉ in Iar-bhunscoil
- a bheith cáilithe chun teagasc in Iar-bhunscoil
- a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta

5. Cad iad na cásanna ina ndéanfar múinteoir Iar-bhunscoile a ath-implonú?

Déanfar múinteoirí Iar-bhunscoile a ath-implonú ar bhonn éigeantach nó ar bhonn deonach.

Tarlaíonn ath-implonú éigeantach sna cásanna seo a leanas:

- dúnadh scoile
- scoil/BOO a bhfuil múinteoirí sa bhreis ar a leithdháileadh maidir le soláthar foirne acu*
- scoil/BOO ina bhfuil mí-oiriúnú curaclaim in ábhar agus go bhfuil CTÉ faighte ag múinteoir amháin nó níos mó san ábhar sin faoi [Chiorclán 0024/2015](#)
- scoil/BOO ina bhfuil múinteoir ag filleadh ó bheith ar shos gairme nó ar iasacht agus go bhfuil CTÉ faighte ag múinteoir faoi [Chiorclán 0024/2015](#)

Is féidir eolas maidir leis na scéimeanna ath-implonnaithe a bhfuil cur síos orthu i [gChiorclán 0024/2015](#) a fháil sa [doiciméad Ceisteanna Coitianta - ath-implonú de réir Chiorclán 0024/2015](#)

Is féidir le hath-implonú deonach tarlú i scoil/BOO ina bhfuil ath-implonú éigeantach (is féidir iarratasóir deonach, faoi réir coinníollacha áirithe, a ath-implonú in ionad ainmní éigeantaigh)*.

* Nuair atá múinteoirí sa bhreis ar a leithdháileadh ag scoil/BOO nó nuair atá múinteoir a fuair CTÉ faoi théarmaí Chiorclán 0024/2015 faoi réir an phróisis ath-implonnaithe, ní mór múinteoir(i) a ainmniú i gcomhair ath-implonnaithe éigeantaigh fiú nuair atá iarratasóir deonach sa scoil. Déanfaidh na Stiúrthóirí ar Ath-implonú iarracht, i dtús báire, an t-iarratasóir deonach/na hiarratasóirí deonacha a shannadh chuig folúntas oiriúnach. Mura bhfuil aon fholúntas oiriúnach ann, nó má dhiúltaíonn an t-iarratasóir deonach do thairiscint ar ath-implonú, rachaidh na Stiúrthóirí ar Ath-implonú ar aghaidh ansin agus déanfaidh siad an múinteoir a ainmníodh go héigeantach a shannadh chuig folúntas oiriúnach.

Lasmuigh de sin, cinneann an Roinn go bliantúil an bhfuil Scéim Phiólótach um Leithdháileadh Deonach ag teastáil i réigiúin faoi leith. Tá eolas maidir leis an Scéim Phiólótach um Ath-implonú deonach le fáil sa [doiciméad Ceisteanna Coitianta - Scéim Phiólótach um Leithdháileadh Deonach](#)

6. Cad iad na cineálacha folúntas atá oiriúnach i gcomhair ath-implonnaithe?

Meastar go bhfuil gach folúntas buan nó gach folúntas ar théarma seasta oiriúnach d'ath-implonú múinteoirí.

Cuid B Nósanna imeachta do scoileanna/BOO a bhfuil buanmhúinteoirí/múinteoirí CTÉ sa bhreis acu

1. Conas a bhíonn a fhios agam go bhfuil buanmhúinteoir/múinteoir CTÉ sa bhreis i mo scoil/BOO?

Is féidir le scoil/BOO a leithdháileadh don scoilbhliain a dheimhniú, gach bliain, ón sceideal do sholáthar foirne. Má tá níos mó múinteoirí ag scoil/BOO ná mar a cheadaíonn a leithdháileadh di/dó, tá múinteoir(i) le cois riachtanais na scoile/an BOO aici/aige.

2. Cad a tharlaíonn má tá buanmhúinteoir(i)/múinteoir(i) CTÉ i mo scoil/BOO?

Nuair atá buanmhúinteoir/múinteoir CTÉ le cois i scoil/BOO, ní mór don scoil múinteoir a ainmniú i gcomhair ath-implonaithe. I gcásanna mar sin, tá sé de rogha ag buanmhúinteoirí/múinteoirí CTÉ sa scoil/BOO iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach. D'fhéadfaí iarratasóir deonach, faoi réir coinníollacha áirithe, a ath-implonú in ionad ainmní éigeantach.

3. Nuair atá ath-implonú éigeantach, conas a roghnaítear múinteoir i gcomhair ath-implonaithe?

Nuair atá buanmhúinteoir/múinteoir CTÉ le cois i scoil/BOO, breithneoidh an scoil/BOO, **bunaithe ar a hiniúchadh curaclaim**, an sásófaí a riachtanais churaclaim dá ndéanfaí an múinteoir ba shóisearaí a ath-implonú. Dá sásófaí, ainmneoidh an scoil/Príomhoifigeach an múinteoir sin i gcomhair ath-implonaithe chuig scoil eile.

Mura féidir leis an scoil/BOO a riachtanais churaclaim a shásamh gan an múinteoir is sóisearaí, déanfar cás an dara múinteoir is sóisearaí agus na múinteoirí eile is sóisearaí ina dhiaidh sin a bhreithniú nó go ndéanfar ainmní a aithint ar féidir leis an scoil/BOO a (h)ath-implonú a bhainistiú laistigh de na hacmhainní atá ann cheana féin.

Ní mór don Bhord Bainistíochta/don Phríomhoifigeach a shocrú go ndéanfaidh an múinteoir ainmnithe an fhoirm ábhartha – **[Foirm RD1 - Foirm iarratais do mhúinteoir i scoil ina bhfuil barraíocht ball foirne de bhreis ar a leithdháileadh](#)** a chomhlánú agus go mbeidh sí curtha ar ais chuig an Roinn faoin dáta a shonraítear gach bliain i socruithe foilsithe na Roinne maidir le soláthar foirne.

4. An bhfuil próiseas achomhairc ann do mhúinteoir a ainmnítear i gcomhair ath-implonaithe?

Nuair a ainmnítear múinteoir i gcomhair ath-implonaithe ó scoil/BOO ina bhfuil múinteoirí sa bhreis ar a leithdháileadh nó mar thoradh ar mhí-oiriúnú ábhair i scoil, tá sé de rogha ag múinteoir achomhairc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin má cheapann sé/sí nár comhlíonadh an próiseas agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chomhaontú ath-implonaithe. Ní mór don mhúinteoir **[Foirm RD10 -](#)**

Achomharc i gcoinne ainmnithe i gcomhair ath-implonaithe a chomhlánú, í a bheith deimhnithe ag an mBord Bainistíochta/ag an bPríomhoifigeach agus í a bheith curtha ar ais chuig an Roinn faoin dáta a shonraítear gach bliain i socrúithe foilsithe na Roinne maidir le soláthar foirne. Cuirtear an fhoirm sin ar fáil do na Stiúrthóirí ar Ath-implonú agus tabharfaidh siadsan breith ar an achomharc.

Níl aon phróiseas achomhairc ann i gcás múinteora a bhí i dteideal CTÉ a fháil mar thoradh ar ionadaíocht a dhéanamh do mhúinteoir a bhí as láthair ar shos gairme nó ar iasacht agus atá ainmnithe i gcomhair ath-implonaithe mar go bhfuil an múinteoir a bhí as láthair ag filleadh chuig an scoil/BOO sa chéad scoilbhliain eile.

5. Tá múinteoir a bhfuil CTÉ aici/aige ar feadh níos lú na 22 uair an chloig ag scoil/BOO. An féidir an múinteoir sin a ainmniú i gcomhair ath-implonú éigeantach?

Is féidir múinteoir a bhfuil CTÉ aige/aici do níos lú ná uaireanta lánaimseartha a ainmniú i gcomhair ath-implonaithe áit a n-éascaíonn ath-implonú an mhúinteora sin an scoil/BOO chun feidhmiú laistigh dá leithdháileadh maidir le soláthar foirne agus a riachtanais churaclaim. Beidh aon tairiscint ar ath-implonú bunaithe ar uaireanta an CTÉ atá ag an múinteoir faoi láthair.

6. Tá múinteoir a bhfuil CTÉ aici/aige ar feadh níos lú na 22 uair an chloig ag scoil/BOO. An féidir leis an múinteoir sin iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach?

Is féidir le múinteoir a bhfuil CTÉ aige/aici do níos lú ná uaireanta lánaimseartha iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach. Beidh aon tairiscint ar ath-implonú bunaithe ar uaireanta an CTÉ atá ag an múinteoir faoi láthair.

7. Tá buanmhúinteoir atá i mbun postroinnte ag an scoil/ag an mBord Oideachais agus Oiliúna. An féidir an múinteoir sin a ainmniú lena (h)ath-implonú nó an féidir leis/léi iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach?

Is féidir. Is féidir le múinteoir atá i mbun postroinnte a ainmniú lena (h)ath-implonú nó is féidir leis/léi iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach.

Is iad na scoileanna/na Boird Oideachais agus Oiliúna a cheadaíonn socrúithe postroinnte gach bliain.

Déanfar an múinteoir a ath-implonú i bpost ina bhfaighidh sé/sí a (h)uaireanta conartha sula dtosófar an socrú postroinnte.

Ní mór don mhúinteoir iarratas a dhéanamh chuig an scoil ghlactha/chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna glactha i gcás gur mian leis/léi dul i mbun postroinnte sa chéad scoilbhliain eile. Is faoin scoil/faoin mBord Oideachais agus Oiliúna sin atá sé cinneadh a dhéanamh ar iarraidh ar phostroinnt.

8. An féidir le Príomhoide scoile iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach?

Ní féidir. Ní féidir Príomhoide scoile a ath-implonú ach amháin sa chás go mbíonn dúnadh scoile i gceist. I gcásanna den chineál sin, déantar é/í a ath-implonú i bpost teagaisc.

9. An féidir le Príomhoide Ionaid iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach?

Ní féidir. Ní féidir Príomhoide Ionaid a ath-implonú ach amháin sa chás go mbíonn dúnadh scoile i gceist. I gcásanna den chineál sin, déantar é/í a ath-implonú i bpost teagaisc.

10. Cathain a dhéanfar an múinteoir a ath-implonú amach as mo scoil?

Is é atá mar chuspóir leis na socrúithe ath-implonaithe go ndéantar múinteoirí a ath-implonú go foirmiúil ó scoil ar an 31 Lúnasa gach bliain.

11. Cé mhéad múinteoir a dhéanfar a ath-implonú i scoil?

Go ginearálta, déanfar múinteoir amháin a ath-implonú i scoil i ngach scoilbhliain faoi leith. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh na Stiúrthóirí ar Ath-implonú beirt mhúinteoirí a shannadh chuig scoil. Mar sin féin, ní dhéanfar níos mó ná beirt mhúinteoirí a shannadh chuig scoil in aon bhliain faoi leith.

12. Is sealbhóir Poist Freagrachta sa scoil reatha é/í múinteoir. Má dhéantar é/í a ath-implonú, an gcoinneoidh sé/sí an Post Freagrachta sin sa scoil nua?

Coinneoidh. Coinneoidh sealbhóirí poist a liúntas do phost freagrachta ar ath-implonú. Ceanglófar orthu dualgais bhainistíochta inscoile a chomhlíonadh sa scoil ghlactha ar aon dul le riachtanais na scoile sin.

13. Má dhéantar múinteoir a bhfuil Post Freagrachta aige/aici a ath-implonú, an rachaidh ath-implonú an mhúinteora sin i bhfeidhm ar leithdháileadh Post Freagrachta na scoile glactha?

Más rud é go ndéantar múinteoir a bhfuil Post Freagrachta aige/aici a ath-implonú agus go bhfágann sé sin gur mó an líon post freagrachta sa scoil ná an líon a bhfuil an scoil ina theideal, féadfaidh an scoil an post freagrachta breise a choinneáil. Mar sin féin, ní fhéadfar aon phost freagrachta eile a bhronnadh go dtí go mbeidh an líon post freagrachta sa scoil níos lú ná an líon a bhfuil sí ina theideal.

Más rud é go ndúntar scoil agus go ndéantar múinteoir a bhfuil Post Freagrachta aige/aici a ath-implonú, ní rachaidh sé sin i bhfeidhm ar theidlíocht na scoile glactha i leith post freagrachta ar feadh tréimhse seacht mbliana.

14. Tá múinteoir ag fáil liúntas a bhaineann go sonrach lena p(h)ost sa scoil reatha. Má dhéantar é/í a ath-implonú, an gcoinneoidh sé/sí an liúntas sin?

Más rud é go bhfuil múinteoir ag fáil liúntas a bhaineann go sonrach lena p(h)ost sa scoil reatha agus go ndéantar an múinteoir sin a ath-implonú, féach [Ciorclán 0008/2013](#) chun faisnéis a fháil faoi theidlíocht leanúnach an mhúinteora i leith an liúntais sin.

Cuid C Riachtanais fógraíochta do scoileanna/BOO a bhfuil folúntais acu

1. Cad a dhéanann mo scoil/BOO má tá folúntas aici/aige?

Nuair a fhaigheann an scoil/BOO a sceideal bliantúil maidir le soláthar foirne, tá sé de dhualgas ar an bPríomhoifigeach/ar an bPríomhoide/ar Rúnaí an Bhoird Bhainistíochta gach folúntas atá ag teacht chun cinn mar thoradh ar fheidhmiú an sceidil maidir le soláthar foirne a chur in iúl don Roinn ar **Fhoirm CC** don scoilbhliain atá ag teacht. Ní mór é sin a bheith déanta faoin **dáta atá sonraithe sna socruithe maidir le soláthar foirne atá foilsithe ag an Roinn.**

Cuirfidh an Roinn na folúntais ar fad in iúl do na Stiúrthóirí ar Ath-implonnú.

Chomh maith leis sin, tá sé de dhualgas ar an bPríomhoifigeach/ar an bPríomhoide/ar Rúnaí an Bhoird Bhainistíochta gach folúntas atá ag teacht chun cinn ar aon bhealach eile **tar éis an dáta atá sonraithe sna socruithe maidir le soláthar foirne atá foilsithe ag an Roinn**, a chur in iúl do na Stiúrthóirí ar Ath-implonnú, cuir i gcás múinteoir ag dul ar scor, sos gairme a bheith ceadaithe, nó iarratas ar phostroinnt, srl. Ní mór don Phríomhoifigeach/Phríomhoide/do Rúnaí an Bhoird Bhainistíochta Cuid 3 den Fhoirm CC a chomhlánú agus a chur chuig an Roinn laistigh de 5 lá oibre ón uair a bhí bainistíocht na scoile ar an eolas faoin bhfolúntas.

Déanann an Roinn faireachán ar chomhlíonadh an phróisis seo. Ní thabharfar cead do scoileanna/BOO nach gcomhlíonann na ceanglais maidir le folúntais a chur in iúl folúntais a líonadh.

2. An féidir liom an folúntas a líonadh nuair atá sé curtha in iúl do na Stiúrthóirí ar Ath-implonnú agam?

Ní féidir. Ní féidir folúntas a líonadh nó go dtí go mbíonn na próisis ath-implonnaithe curtha i gcrích. Tá leithdháileadh na bpost teagaisc ar scoileanna ag brath ar na socruithe atá i bhfeidhm maidir le hath-implonnú a bheith á gcomhlíonadh ag scoileanna/BOO.

Ní cheadaítear do Bhoird Bhainistíochta/Phríomhoifigigh próiseas earcaíochta a thosú chun folúntas teagaisc buan nó ar théarma seasta a líonadh ar aon bhealach eile nó go mbíonn na Stiúrthóirí ar Ath-implonnú sásta nach bhfuil na poist atá folamh ag teastáil chun buanmhúinteoir/múinteoir CTÉ a ath-implonnú.

Cuid D Eolas do Bhuanmhúinteoirí/do Mhúinteoirí CTÉ atá ag déanamh iarratais ar ath-implonú i scoil/BOO a bhfuil múinteoirí acu sa bhreis ar a leithdháileadh maidir le soláthar foirne

1. Conas a dhéanann múinteoir iarratas ar ath-implonú?

Éilítear ar mhúinteoir a ainmnítear ag scoil/BOO i gcomhair ath-implonnaithe agus/nó ar mhúinteoir atá ag déanamh iarratais ar ath-implonú deonach an fhoirm ábhartha - [Foirm RD1 – Foirm iarratais ar ath-implonú do mhúinteoir i scoil ina bhfuil barraíocht ball foirne de bhreis ar a leithdháileadh.](#)

Ní mór do lucht bainistíochta na scoile an fhoirm seo a dheimhniú. Má tá múinteoir fostaithe i scoil atá á rialú ag Bord Oideachais agus Oilúna, ní mór do Phríomhfheidhmeannach an Bhoird an fhoirm seo a dheimhniú.

Cuirfear an Fhoirm RD1 a chuireann an múinteoir isteach ar fáil don scoil/BOO glactha tar éis don ath-implonú a bheith deimhnithe.

2. An féidir le múinteoir láthair a iarraidh a ndéanfar é/í a ath-implonú chuici?

Is féidir. Is féidir le múinteoirí na láithreacha ar fad a liostú arbh fhearr leo go ndéanfaí iad a ath-implonú chucu. Déanfaidh na Stiúrthóirí ar Ath-implonú iarracht múinteoirí a shannadh chuig an bhfolúntas is oiriúnaí atá ar fáil sna láithreacha sin.

3. Cad é an t-achar is faide i gcéin a bheidh an láthair a bhféadfar múinteoir a ath-implonú chuici?

I gcás ath-implonnaithe éigeantaigh, féadfaidh na Stiúrthóirí ar Ath-implonú múinteoir a shannadh chuig scoil laistigh de gha nach bhfuil níos faide ná 50 ciliméadar ón scoil ina bhfuil sé/sí faoi láthair nó, nuair a iarrann an múinteoir sin, óna áit/háit chónaithe. Chomh maith leis sin, tá sé de rogha ag múinteoir a iarraidh go ndéanfaí é/í a ath-implonú chuig láthair atá lasmuigh den gha 50 ciliméadar.

I gcás ath-implonú deonach, níl aon teorainn leis an bhfad i gcéin is féidir leis an láthair a bheith ar féidir le múinteoir iarratas a dhéanamh ar ath-implonú chuici.

4. An gá do mhúinteoir a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun go ndéanfaí é/í a bhreithniú i gcomhair ath-implonnaithe?

Is gá do gach duine atá ag obair mar mhúinteoir a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Tá sé de fhreagracht ar gach múinteoir faoi leith a chinntiú go bhfuil a c(h)lárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta i gceart agus cothrom le dáta.

Éilítear ar iarratasóirí ar ath-implonú fianaise maidir lena gclárúchán reatha leis an gComhairle Mhúinteoireachta a chur ar fáil, na hábhair a bhfuil siad cláraithe dóibh a dheimhniú agus a dheimhniú go bhfuil a gclárúchán cothrom le dáta.

5. Tá roinnt ábhar á dteagasc ag múinteoir faoi láthair nach bhfuil sé/sí cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta ina leith. An féidir é/í a ath-implonú chun na hábhair sin a theagasc?

Ní féidir. Ní féidir múinteoir a ath-implonú ach chuig folúntas le hábhair a bhfuil sé/sí cáilithe le hiad a theagasc agus a bhfuil sé/sí cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta ina leith.

6. An féidir múinteoir a ath-implonú má tá sé/sí as láthair ar chead neamhláithreachta faofa, m.sh. sos gairme, saoire mháithreachais?

I gcás ath-implonú éigeantach, ainmneofar múinteoir atá ar chead neamhláithreachta faofa i gcomhair ath-implonaithe más eisean/ise an múinteoir is sóisearaí ar féidir a (h)ath-implonú a bhainistiú ó laistigh de na hacmhainní atá ag an scoil/BOO cheana féin.

Is féidir le múinteoir atá ar chead neamhláithreachta faofa iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach.

Cuid E Nós imeachta chun folúntais a líonadh trí na scéimeanna ath-implonaithe.

1. Cathain a tharlaíonn an próiseas ath-implonaithe?

Foilsíonn an Roinn na socruithe maidir le soláthar foirne do gach iar-bhunscoil ar a shuíomh gréasáin go luath sa bhliain féilire don chéad scoilbhliain eile. Cuirtear a sceideal maidir le soláthar foirne in iúl do gach scoil/BOO ag an am sin freisin agus iarrtar ar scoileanna/BOO a bhfuil múinteoirí sa bhreis ar a leithdháileadh acu múinteoir(í) a ainmniú i gcomhair ath-implonaithe.

Cuirtear iarratais agus ainmniúcháin i gcomhair ath-implonaithe chuig an Roinn go luath i mí an Mhárta gach bliain. Tugtar fógra faoi shocrúcháin ath-implonaithe i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine gach bliain.

2. Cé hiad na Stiúrthóirí ar Ath-implonú?

Is daoine neamhspleácha iad na Stiúrthóirí ar Ath-implonú atá fostaithe ag an Roinn chun na scéimeanna ath-implonaithe a fheidhmiú in iar-bhunscoileanna. Beidh mioneolas acu ar na socruithe maidir le soláthar foirne in iar-bhunscoileanna.

3. An bhfuil teacht ag iarratasóirí ar ath-implonú ar liosta de na scoileanna a bhfuil folúntais acu?

Cuirtear na folúntais a chuirtear in iúl don Roinn ar fáil do na Stiúrthóirí ar Ath-implonú chun sainaithint na bhfolúntas oiriúnach d'ath-implonú múinteoirí a éascú. Coinnítear an t-eolas sin sa Roinn agus ní chuirtear ar fáil é do scoileanna eile ná d'iarratasóirí ar ath-implonú.

4. An bhfuil teacht ag an scoil ghlactha ar iarratas múinteora i gcomhair ath-implonaithe?

I gcás ath-implonú éigeantach, nuair a chuirtear an folúntas a bhfuil sé/sí le hath-implonú chuige in iúl do mhúinteoir, cuirtear cóip d'iarratas an mhúinteora ar fáil don scoil/BOO ghlactha.

I gcás ath-implonaithe deonaigh, cuirtear cóip d'iarratas an mhúinteora chuig an scoil/BOO glactha i ndiaidh don mhúinteoir glacadh leis an tairiscint ar ath-implonú.

5. Má dhéantar múinteoir a ath-implonú an gcoinníonn sé/sí a stádas CTÉ/Buan sa scoil nua?

Chun a bheith i dteideal ath-implonnaithe, ní mór do mhúinteoir stádas CTÉ nó Buan a bheith aige/aici ina scoil reatha. Ní thiocfaidh aon athrú ar an stádas sin sa scoil ghlactha.

6. An ndéanfar múinteoir a ath-implonú chuig scoil san earnáil chéanna lena scoil reatha, i.e. ó mheánscoil dheonach amháin go meánscoil dheonach eile?

Déanfaidh na Stiúrthóirí ar Ath-implonú, ar an gcéad dul síos, agus más indéanta, múinteoir a shannadh chuig folúntas oiriúnach san earnáil chéanna leis an scoil reatha. Nuair nach féidir sin a dhéanamh, déanfaidh na Stiúrthóirí ar Ath-implonú an múinteoir a shannadh chuig folúntas oiriúnach i gceachtar de na hearnálacha eile.

7. Is sealbhóir Poist Freagrachta sa scoil reatha é/í múinteoir. Má dhéantar é/í a ath-implonú, an gcoinneoidh sé/sí an Post Freagrachta sin sa scoil nua?

Coinneoidh. Coinneoidh sealbhóirí poist a liúntas do phost freagrachta ar ath-implonú. Ceanglófar orthu dualgais bhainistíochta inscoile a chomhlíonadh sa scoil ghlactha ar aon dul le riachtanais na scoile sin.

8. Má dhéantar múinteoir a bhfuil Post Freagrachta aige/aici a ath-implonú, an rachaidh ath-implonú an mhúinteora sin i bhfeidhm ar leithdháileadh Post Freagrachta na scoile glactha?

Más rud é go ndéantar múinteoir a bhfuil Post Freagrachta aige/aici a ath-implonú agus go bhfágann sé sin gur mó an líon post freagrachta sa scoil ná an líon a bhfuil an scoil ina theideal, féadfaidh an scoil an post freagrachta breise a choinneáil. Mar sin féin, ní fhéadfar aon phost freagrachta eile a bhronnadh go dtí go mbeidh an líon post freagrachta sa scoil níos lú ná an líon a bhfuil sí ina theideal.

Más rud é go ndúntar scoil agus go ndéantar múinteoir a bhfuil Post Freagrachta aige/aici a ath-implonú, ní rachaidh sé sin i bhfeidhm ar theidlíocht na scoile glactha i leith post freagrachta ar feadh tréimhse seacht mbliana.

9. Tá múinteoir ag fáil liúntas a bhaineann go sonrach lena p(h)ost sa scoil reatha. Má dhéantar é/í a ath-implonú, an gcoinneoidh sé/sí an liúntas sin?

Más rud é go bhfuil múinteoir ag fáil liúntas a bhaineann go sonrach lena p(h)ost sa scoil reatha agus go ndéantar an múinteoir sin a ath-implonú, féach [Ciorclán 0008/2013](#) chun faisnéis a fháil faoi theidlíocht leanúnach an mhúinteora i leith an liúntais sin.

10. Má dhéantar múinteoir a ath-implonnú, an gcoinníonn sé/sí a (h)ionad sinsearachta sa scoil nua?

Déanfaidh múinteoirí a ath-implonófar an tseirbhís mhúinteoireachta ináirithe a bhí acu chun críocha ardú céime a aistriú, de réir Alt 15 den [Scéim Ath-implonnaithe do Mhúinteoirí Cáilithe Iar-bhunscoile atá iomarcach mar thoradh ar dhúnadh scoile](#) agus de réir Alt 21 den [Scéim ath-implonnaithe do mhúinteoirí atá iomarcach seachas i gcásanna dúnta scoile](#)

11. Má dhéantar múinteoir a ath-implonnú i scoilbhliain amháin, an féidir é/í a ath-implonnú arís i scoilbhliain eile ina dhiaidh sin?

Feidhmíonn na scéimeanna ath-implonnaithe go neamhspleách gach bliain. In aon bhliain faoi leith, féadfar múinteoir a ainmniú i gcomhair ath-implonnú éigeantach má tá múinteoirí sa bhreis ar a leithdháileadh maidir le soláthar foirne ag a scoil/BOO. Chomh maith leis sin, is féidir le múinteoir iarratas a dhéanamh ar ath-implonnú deonach, má shásaíonn sé/sí na critéir.

12. Conas a chuirfear cinneadh an Stiúrthóra maidir lena (h)iarratas in iúl don mhúinteoir?

Cuirfidh an Roinn cinneadh na Stiúrthóirí ar Imlonnú in iúl do mhúinteoirí ar ríomhphost. Cuirfear cinneadh an Stiúrthóra in iúl ar ríomhphost don scoil/BOO chuig a ndéanfar an múinteoir a ath-implonnú.

13. Cén tréimhse ama atá ag múinteoir chun tairiscint ar ath-implonnú deonach a mheas?

Beidh 48 uair an chloig ag an iarratasóir chun glacadh le tairiscint ar ath-implonnú deonach nó diúltú di.

14. Má theipeann ar mhúinteoir glacadh le tairiscint/diúltú do thairiscint ar ath-implonnú, an bhfaighidh sé/sí tairiscint eile?

Má dhiúltaíonn múinteoir do thairiscint ar ath-implonnú deonach nó má theipeann air/uirthi glacadh le tairiscint laistigh den tréimhse atá sonraithe, ní eiseofar aon tairiscint eile an bhliain sin agus fanfaidh sé/sí sa scoil reatha.

15. Cad a tharlaíonn nuair a ghlacann múinteoir le hath-implonnú i bpost i mo scoil/BOO?

Chomh luath agus a fhaigheann na Stiúrthóirí ar Ath-implonnú deimhniú i scríbhinn ó mhúinteoir go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an ath-implonnú atá molta, cuirfear é sin in iúl don scoil/BOO glactha ar ríomhphost.

Nuair a dhéantar múinteoir a ath-implonnú i Meánscoil nó i bPobalscoil nó Scoil Chuimsitheach, ní mór don scoil ghlactha an fhoirm cheapacháin do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile a sheoladh chuig Rannóg Párolla na Múinteoirí Iar-bhunscoile sa Roinn.

Nuair a dhéantar múinteoir a ath-implonnú chuig BOO, ní mór don BOO glactha an t-eolas párolla ábhartha a fháil ón bhfostóir a bhí ag an múinteoir roimhe sin, i.e. limistéar Párolla na Roinne nó BOO eile.

16. Má éiríonn le hiarratas ar ath-implonnú, an féidir leis an múinteoir iarratas a dhéanamh ar shos gairme?

Is féidir le múinteoir atá ath-implonnaithe iarratas a dhéanamh ar shos gairme chuig an scoil/BOO glactha sa chéad scoilbhliain eile.

Is faoi Bhord Bainistíochta/Phríomhoifigeach na scoile/an BOO glactha atá sé a chinneadh an bhféadfar sos gairme a dheonú do mhúinteoir atá ath-implonnaithe sa scoil.

17. An bhfuil grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána riachtanach i gcás múinteora a cheaptar chuig scoil/BOO faoi na scéimeanna ath-implonnaithe?

Ní mór do gach duine a cheaptar chuig post teagaisc, cásanna ath-implonnaithe san áireamh, na riachtanais ghrinnfhiosrúcháin a bhfuil breach-chuntas orthu sna **socrúithe** atá foilsithe maidir le [Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána](#).

18. An bhfuil próiseas achomhairc ar fáil mura n-éiríonn le hiarratas ar ath-implonnú deonach?

Níl, níl aon phróiseas achomhairc ar fáil. Tá na Stiúrthóirí ar Ath-implonnú fostaithe ag an Roinn chun an próiseas ath-implonnaithe a fheidhmiú ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Is cinneadh críochnaitheach cinneadh na Stiúrthóirí.

19. Má dhéantar múinteoir a ath-implonnú i mo scoil/BOO, an bhfuil próiseas achomhairc ann mura n-éiríonn leis an ath-implonnú?

Faoi na socruithe i gcomhair ath-implonnaithe, ní mór do mhúinteoir atá ath-implonnaithe fanacht sa scoil/BOO glactha ar feadh scoilbhliain amháin ar a laghad. Is féidir le múinteoir atá ath-implonnaithe nó scoil/BOO glactha athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh i leith ath-implonnaithe a rinne na Stiúrthóirí ar Ath-implonnú. Ní mór don mhúinteoir an t-iarratas ar athbhreithniú a chur isteach tríd an gceardchumann

múinteoirí ábhartha atá aige/aici. Ní mór don scoil/BOO an t-iarratas ar athbhreithniú a chur isteach tríd an gcomhlacht bainistíochta scoile ábhartha. Ní mór na hathbhreithnithe go léir a chur isteach i scríbhinn chuig na Stiúrthóirí ar Ath-implonú roimh an 31 Márta sa bhliain i ndiaidh don ath-implonú tarlú.

D'fhéadfadh na Stiúrthóirí ar Ath-implonú cinneadh a dhéanamh an t-ath-implonú bunaidh a dheimhniú nó soláthar a dhéanamh d'ath-implonú leasaithe laistigh de théarmaí na scéime. Is cinneadh críochnaitheach cinneadh na Stiúrthóirí agus níl teacht ar aon bhealach eile chun athbhreithniú ar an ath-implonú a iarraidh.

Cuid 2

Eolas do Bhuanmhúinteoirí/Mhúinteoirí CTÉ i scoil/BOO ina bhfuil múinteoirí sa bhreis ar a leithdháileadh maidir le soláthar foirne

Cuid A

Cúlra

Cuid B

**Nósanna imeachta do scoileanna/BOO a bhfuil
buanmhúinteoirí/múinteoirí CTÉ sa bhreis
acu**

Cuid C

**Nósanna imeachta do
bhuanmhúinteoirí/mhúinteoirí CTÉ atá ag
déanamh iarratais ar ath-implonú i scoil/BOO
ina bhfuil múinteoirí sa bhreis ar a
leithdháileadh maidir le soláthar foirne**

Cuid D

**Nósanna Imeachta maidir le folúntais a
líonadh trí scéimeanna ath-implonnaithe**

Cuid 2 Eolas do Buanmhúinteoirí/do Mhúinteoirí CTÉ i scoil/BOO a bhfuil múinteoirí acu sa bhreis ar a leithdháileadh maidir le soláthar foirne

Cuid A Cúlra

1. Cén fáth a bhfuil próiseas ath-implonaithe ann?

Tá sé mar fheidhm bhunúsach ag na socruithe ath-implonaithe athlonnú gach buanmhúinteora/múinteora CTÉ le cois chuig scoileanna ina bhfuil folúntais a éascú. Tá ath-implonnú na mbuanmhúinteoirí/múinteoirí CTÉ le cois fíorthábhachtach maidir le cumas na Roinne feidhmiú laistigh dá buiséad párolla agus dá huasteorainn ar uimhreacha múinteoirí.

2. Conas an fheidhmíonn an próiseas ath-implonaithe?

Tá na Stiúrthóirí ar Ath-implonnú fostaithe ag an Roinn chun an próiseas ath-implonaithe a fheidhmiú ag leibhéal na hiar-bhunscoile.

Déanann na Stiúrthóirí ar Ath-implonnú buanmhúinteoirí/múinteoirí CTÉ le cois i scoil/BOO atá ainmnithe i gcomhair ath-implonaithe agus múinteoirí i scoileanna den sórt sin a dhéanann iarratas ar ath-implonnú deonach a ath-implonnú chuig scoileanna/BOO ina bhfuil folúntais.

3. Cathain a tharlaíonn an próiseas ath-implonaithe?

Tarlaíonn an próiseas ath-implonaithe d'iar-bhunscoileanna i mí an Aibreáin agus i mí na Bealtaine. Tá sé mar chuspóir ag an scéim go mbeidh sí curtha i gcrích faoin 31 Bealtaine gach bliain.

4. Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh ar ath-implonnú faoi Scéimeanna ath-implonaithe na hiar-bhunscoile?

Chun a bheith i dteideal ath-implonaithe faoi na scéimeanna, ní mór do mhúinteoir:

- a bheith ina b(h)uanmhúinteoir/m(h)úinteoir CTÉ in Iar-bhunscoil
- a bheith cáilithe chun teagasc in Iar-bhunscoil
- a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta

5. Cad iad na cásanna ina ndéanfar múinteoir Iar-bhunscoile a ath-implonnú?

Déanfar múinteoirí Iar-bhunscoile a ath-implonnú ar bhonn éigeantach nó ar bhonn deonach.

Tarlaíonn ath-implonnú éigeantach sna cásanna seo a leanas:

- dúnadh scoile
- scoil/BOO a bhfuil múinteoirí sa bhreis ar a leithdháileadh maidir le soláthar foirne acu*
- scoil/BOO ina bhfuil mí-oiriúnú curaclaim in ábhar agus go bhfuil CTÉ faighte ag múinteoir amháin nó níos mó san ábhar sin faoi [Chiorclán 0024/2015](#)
- scoil/BOO ina bhfuil múinteoir ag filleadh ó bheith ar shos gairme nó ar iasacht agus go bhfuil CTÉ faighte ag múinteoir faoi [Chiorclán 0024/2015](#)

Tá eolas maidir leis na scéimeanna ath-implonaithe a bhfuil cur síos orthu i gCiorclán 0024/2015 ar fáil [sa doiciméad Ceisteanna Coitianta - ath-implonú de réir Chiorclán 0024/2015](#)

Is féidir le hath-implonú deonach tarlú i scoil/BOO ina bhfuil ath-implonú éigeantach (is féidir iarratasóir deonach, faoi réir coinníollacha áirithe, a ath-implonú in ionad ainmní éigeantaigh)*.

* Nuair atá múinteoirí sa bhreis ar a leithdháileadh ag scoil/BOO nó nuair atá múinteoir a fuair CTÉ faoi théarmaí Chiorclán 0024/2015 faoi réir an phróisis ath-implonaithe, ní mór múinteoir(i) a ainmniú i gcomhair ath-implonaithe éigeantaigh fiú nuair atá iarratasóir deonach sa scoil. Déanfaidh na Stiúrthóirí ar Ath-implonú iarracht, i dtús báire, an t-iarratasóir deonach/na hiarratasóirí deonacha a shannadh chuig folúntas oiriúnach. Mura bhfuil aon fholúntas oiriúnach ann, nó má dhiúltaíonn an t-iarratasóir deonach do thairiscint ar ath-implonú, rachaidh na Stiúrthóirí ar Ath-implonú ar aghaidh ansin agus déanfaidh siad an múinteoir a ainmníodh go héigeantach a shannadh chuig folúntas oiriúnach.

Lasmuigh de sin, cinneann an Roinn go bliantúil an bhfuil Scéim Phíolótach um Leithdháileadh Deonach ag teastáil i réigiúin faoi leith. Tá eolas maidir leis an Scéim Phíolótach um Ath-implonú deonach le fáil [sa doiciméad Ceisteanna Coitianta - Scéim Phíolótach um Leithdháileadh Deonach](#).

6. Cad iad na cineálacha folúntas atá oiriúnach i gcomhair ath-implonaithe?

Meastar go bhfuil gach folúntas oiriúnach d'ath-implonú múinteoirí.

Cuid B

Nósanna imeachta do scoileanna/BOO a bhfuil buanmhúinteoirí/múinteoirí CTÉ sa bhreis ar a leithdháileadh maidir le soláthar foirne acu

1. Conas a bhíonn a fhios agam go bhfuil buanmhúinteoir/múinteoir CTÉ sa bhreis i mo scoil/BOO?

Is féidir le scoil/BOO a leithdháileadh don scoilbhliain a dheimhniú, gach bliain, ón sceideal do sholáthar foirne. Má tá níos mó múinteoirí ag scoil/BOO ná mar a cheadaíonn a leithdháileadh maidir le soláthar foirne di/dó, tá múinteoir(i) le cois riachtanais na scoile aici/aige.

2. Cad a tharlaíonn má tá buanmhúinteoir(i)/múinteoir(i) CTÉ i mo scoil/BOO?

Nuair atá buanmhúinteoir/múinteoir CTÉ le cois i scoil/BOO, ní mór don scoil múinteoir a ainmniú i gcomhair ath-implonaithe. I gcásanna mar sin, tá sé de rogha ag buanmhúinteoirí/múinteoirí CTÉ sa scoil/BOO iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach. D'fhéadfaí iarratasóir deonach, faoi réir coinníollacha áirithe, a ath-implonú in ionad ainmní éigeantach.

3. Nuair atá ath-implonú éigeantach, conas a roghnaítear múinteoir i gcomhair ath-implonaithe?

Ar an gcéad dul síos, breithneoidh an scoil/BOO, **bunaithe ar a hiniúchadh curaclaim**, an sásófaí a riachtanais churaclaim dá ndéanfaí an múinteoir ba shóisearaí a ath-implonú. Dá sásófaí, ainmneoidh an scoil/Príomhoifigeach an múinteoir sin i gcomhair ath-implonaithe chuig scoil eile.

Mura féidir leis an scoil/BOO a riachtanais churaclaim a shásamh gan an múinteoir is sóisearaí, déanfar cás an dara múinteoir is sóisearaí agus na múinteoirí eile is sóisearaí ina dhiaidh sin a bhreithniú nó go ndéanfar ainmní a aithint ar féidir leis an scoil/BOO a (h)ath-implonú a bhainistiú laistigh de na hacmhainní atá ann cheana féin.

Ní mór don mhúinteoir ainmnithe **Foirm RD1 - Foirm iarratais ar ath-implonú do mhúinteoir i scoil ina bhfuil barraíocht ball foirne de bhreis ar a leithdháileadh** a chomhlánú, agus í a bheith sínithe ag an bPríomhoide sula gcuirtear ar ais chuig an Roinn í faoin dáta a shonraítear gach bliain i socruithe foilsithe na Roinne maidir le soláthar foirne.

4. An bhfuil próiseas achomhairc ann do mhúinteoir a ainmnítear i gcomhair ath-implonaithe?

Nuair a ainmnítear múinteoir i gcomhair ath-implonaithe ó scoil/BOO ina bhfuil múinteoirí sa bhreis ar a leithdháileadh, tá sé de rogha ag múinteoir achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin má cheapann sé/sí nár comhlíonadh an próiseas agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chomhaontú ath-implonaithe. Ní mór

don mhúinteoir [Foirm RD10 - Achomharc i gcoinne ainmnithe i gcomhair ath-implonaithe](#) a chomhlánú, í a bheith deimhnithe ag an mBord Bainistíochta/ag an bPríomhoifigeach agus í a bheith curtha ar ais chuig an Roinn faoin dáta a shonraítear gach bliain i socruithe foilsithe na Roinne maidir le soláthar foirne. Cuirtear an fhoirm sin ar fáil do na Stiúrthóirí ar Ath-implonú agus tabharfaidh siadsan breith ar an achomharc. Níl aon phróiseas achomhairc ann i gcás múinteora a bhí i dteideal CTÉ a fháil mar thoradh ar ionadaíocht a dhéanamh do mhúinteoir a bhí as láthair ar shos gairme nó ar iasacht agus go bhfuil an múinteoir a bhí as láthair ag filleadh chuig an scoil/BOO sa chéad bhliain eile.

5. Tá CTÉ níos lú ná 22 uair an chloig agam. Má tá buanmhúinteoirí/múinteoirí CTÉ le cois ag mo scoil/BOO an féidir mé a ainmniú i gcomhair ath-implonú éigeantach?

Is féidir múinteoir a bhfuil CTÉ aige/aici do níos lú ná uaireanta lánaimseartha a ainmniú i gcomhair ath-implonaithe áit a n-éascaíonn ath-implonú an mhúinteora sin an scoil/BOO chun feidhmiú laistigh dá leithdháileadh maidir le soláthar foirne agus a riachtanais churaclaim. Beidh aon tairiscint ar ath-implonú bunaithe ar uaireanta an CTÉ atá ag an múinteoir faoi láthair.

6. Tá CTÉ níos lú ná 22 uair an chloig agam. Má tá buanmhúinteoirí/múinteoirí CTÉ le cois ag mo scoil/BOO an féidir liom iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach?

Is féidir le múinteoir a bhfuil CTÉ aige/aici do níos lú ná uaireanta lánaimseartha iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach. Beidh aon tairiscint ar ath-implonú bunaithe ar uaireanta an CTÉ atá ag an múinteoir faoi láthair.

7. Tá buanmhúinteoir atá i mbun postroinnte ag an scoil/ag an mBord Oideachais agus Oiliúna. An féidir an múinteoir sin a ainmniú lena (h)ath-implonú nó an féidir leis/léi iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach?

Is féidir. Is féidir le múinteoir atá i mbun postroinnte a ainmniú lena (h)ath-implonú nó is féidir leis/léi iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach.

Is iad na scoileanna/na Boird Oideachais agus Oiliúna a cheadaíonn socruithe postroinnte gach bliain.

Déanfar an múinteoir a ath-implonú i bpost ina bhfaighidh sé/sí a (h)uaireanta conartha sula dtosófar an socrú postroinnte.

Ní mór don mhúinteoir iarratas a dhéanamh chuig an scoil ghlactha/chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna glactha i gcás gur mian leis/léi dul i mbun postroinnte sa chéad scoilbhliain eile. Is faoin scoil/faoin mBord Oideachais agus Oiliúna sin atá sé cinneadh a dhéanamh ar iarraidh ar phostroinnt.

8. Is Príomhoide scoile mé. An féidir liom iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach?

Ní féidir. Ní féidir Príomhoide scoile a ath-implonú ach amháin sa chás go mbíonn dúnadh scoile i gceist. I gcásanna den chineál sin, déantar é/í a ath-implonú i bpost teagaisc.

9. Is Príomhoide Ionaid mé. An féidir liom iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach?

Ní féidir. Ní féidir Príomhoide Ionaid a ath-implonú ach amháin sa chás go mbíonn dúnadh scoile i gceist. I gcásanna den chineál sin, déantar é/í a ath-implonú i bpost teagaisc.

10. Cathain a dhéanfar an múinteoir le cois a ath-implonú amach as an scoil?

Is é atá mar chuspóir leis na socruithe ath-implonaithe go ndéantar múinteoirí a ath-implonú go foirmiúil ó scoil ar an 31 Lúnasa gach bliain.

Cuid C Nósanna imeachta do bhuanmhúinteoirí/mhúinteoirí CTÉ atá ag déanamh iarratais ar ath-implonú i scoil/BOO ina bhfuil múinteoirí sa bhreis ar a leithdháileadh maidir le soláthar foirne

1. Conas a dhéanaim iarratas ar ath-implonú?

Éilítear ar mhúinteoir i scoil/BOO ina bhfuil múinteoirí sa bhreis ar a leithdháileadh maidir le soláthar foirne agus atá ainmnithe i gcomhair ath-implonú deonach nó atá ag déanamh iarratais air [**Foirm RD1 - Foirm iarratais ar ath-implonú do mhúinteoir i scoil ina bhfuil barraíocht ball foirne de bhreis ar a leithdháileadha chomhlánú**](#)

Ní mór do lucht bainistíochta na scoile an fhoirm seo a dheimhniú. Má tá múinteoir fostaithe i scoil atá á rialú ag Bord Oideachais agus Oiliúna, ní mór do Phríomhfheidhmeannach an Bhoird an fhoirm seo a dheimhniú.

Cuirfear an Fhoirm RD1 a chuireann an múinteoir isteach ar fáil don scoil/BOO glactha tar éis don ath-implonú a bheith deimhnithe.

2. An féidir liom láthair a iarraidh a ndéanfar mé a ath-implonú chuici?

Is féidir. Is féidir leat na láithreacha ar fad ar mhaith leat go ndéanfaí tú a ath-implonú chucu a liostáil. Déanfaidh na Stiúrthóirí ar Ath-implonú múinteoirí a shannadh chuig an bhfolúntas is oiriúnaí atá ar fáil sna láithreacha sin.

3. Cad é an t-achar is faide is féidir a bheith sa láthair ar féidir mé a athlonnú chuici?

I gcás ath-implonnaithe éigeantaigh, féadfaidh na Stiúrthóirí ar Ath-implonú múinteoir a shannadh chuig scoil laistigh de gha nach bhfuil níos faide ná 50 ciliméadar ón scoil ina bhfuil sé/sí faoi láthair nó, nuair a iarrann an múinteoir sin, óna áit/háit chónaithe. Chomh maith leis sin, tá sé de rogha ag múinteoir a ainmnítear i gcomhair ath-implonnaithe éigeantaigh ath-implonú chuig láthair lasmuigh den gha 50 ciliméadar a roghnú.

I gcás ath-implonú deonach, níl aon teorainn leis an bhfad i gcéin is féidir leis an láthair a bheith ar féidir le múinteoir iarratas a dhéanamh ar ath-implonú chuici.

4. An bhfuil orm a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta le go ndéanfaí mé a mheas i gcomhair ath-implonnaithe?

Is gá do gach duine atá ag obair mar mhúinteoir a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Tá sé de fhreagracht ar gach múinteoir faoi leith a chinntiú go bhfuil a c(h)lárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta i gceart agus cothrom le dáta.

Éilítear ar iarratasóirí ar ath-implonú fianaise maidir lena gclárúchán reatha leis an gComhairle Mhúinteoireachta a chur ar fáil, na hábhair a bhfuil siad cláraithe dóibh a dheimhniú agus a dheimhniú go bhfuil a gclárúchán cothrom le dáta.

5. Faoi láthair, táim ag teagasc roinnt ábhar nach bhfuilim cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta ina leith. An féidir mé a ath-implonú chun na hábhair sin a theagasc?

Ní féidir. Ní féidir tú a ath-implonú ach amháin chuig folúntas leis na hábhair a bhfuil tú cáilithe chun iad a theagasc agus a bhfuil tú cláraithe ina leith leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

6. An féidir mé a ath-implonú má táim as láthair ar chead neamhláithreachta faofa, m.sh. sos gairme, saoire mháithreachais?

I gcás ath-implonú éigeantach, ainmneofar múinteoir atá ar chead neamhláithreachta faofa i gcomhair ath-implonnaithe más eisean/ise an múinteoir is sóisearaí ar féidir a (h)ath-implonú a bhainistiú ó laistigh de na hacmhainní atá ag an scoil/BOO cheana féin.

Is féidir le múinteoir atá ar chead neamhláithreachta faofa ó scoil/BOO le múinteoirí sa bhreis ar a leithdháileadh maidir le soláthar foirne iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach.

Cuid D Nós imeachta maidir le folúntais a líonadh trí na scéimeanna ath-implonaithe

1. Cathain a tharlaíonn an próiseas ath-implonaithe?

Foilsíonn an Roinn na socrúithe maidir le soláthar foirne do gach iar-bhunscoil ar a shuíomh gréasáin go luath sa bhliain féilire don chéad scoilbhliain eile. Cuirtear a sceideal maidir le soláthar foirne in iúl do gach scoil/BOO ag an am sin freisin agus iarrtar ar scoileanna/BOO a bhfuil múinteoirí sa bhreis ar a leithdháileadh acu múinteoir(i) a ainmniú i gcomhair ath-implonaithe.

Cuirtear iarratais agus ainmniúcháin i gcomhair ath-implonaithe chuig an Roinn go luath i mí an Mhárta gach bliain. Tá sé mar chuspóir ag an scéim go mbeidh sí curtha i gcrích faoin 31 Bealtaine gach bliain.

2. Cé hiad na Stiúrthóirí ar Ath-implonnú?

Is daoine neamhspleácha iad na Stiúrthóirí ar Ath-implonnú atá fostaithe ag an Roinn chun na scéimeanna ath-implonaithe a fheidhmiú in iar-bhunscoileanna. Beidh mioneolas acu ar na socrúithe maidir le soláthar foirne in iar-bhunscoileanna.

3. Táim ag déanamh iarratais ar ath-implonnú. An bhfuil teacht agam ar liosta na scoileanna a bhfuil folúntais acu?

Cuirtear na folúntais a chuirtear in iúl don Roinn ar fáil do na Stiúrthóirí ar Ath-implonnú chun sainaithint na bhfolúntas atá oiriúnach d'ath-implonnú múinteoirí a éascú. Coinnítear an t-eolas sin sa Roinn agus ní chuirtear ar fáil é do scoileanna eile ná d'iarratasóirí ar ath-implonnú.

4. An bhfuil teacht ag an scoil/BOO glactha ar m'iarratas i gcomhair ath-implonaithe?

I gcás ath-implonnú éigeantach, nuair a chuirtear an folúntas a bhfuil sé/sí le hath-implonnú chuige in iúl do mhúinteoir, cuirtear cóip d'iarratas an mhúinteora ar fáil do Phríomhoide/Phríomhoifigeach na scoile/an BOO glactha.

I gcás ath-implonaithe deonaigh, cuirtear cóip d'iarratas an mhúinteora chuig an scoil/BOO glactha i ndiaidh don mhúinteoir glacadh leis an tairiscint ar ath-implonnú.

5. Má dhéantar mé a ath-implonú, an gcoinním mo stádas CTÉ/Buan sa scoil nua?

Chun a bheith i dteideal ath-implonnaithe, ní mór do mhúinteoir stádas CTÉ nó Buan a bheith aige/aici ina scoil reatha. Ní thiocfaidh aon athrú ar an stádas sin sa scoil ghlactha.

6. An ndéanfar mé a ath-implonú chuig scoil san earnáil chéanna le mo scoil reatha, i.e. ó mheánscoil dheonach amháin go meánscoil dheonach eile?

Déanfaidh na Stiúrthóirí ar Ath-implonú, ar an gcéad dul síos, agus más indéanta, múinteoir a shannadh chuig folúntas oiriúnach san earnáil chéanna leis an scoil reatha. Nuair nach féidir sin a dhéanamh, déanfaidh na Stiúrthóirí ar Ath-implonú an múinteoir a shannadh chuig folúntas oiriúnach i gceachtar de na hearnálacha eile.

7. Is sealbhóir Poist Freagrachta sa scoil reatha é/í múinteoir. Má dhéantar é/í a ath-implonú, an gcoinneoidh sé/sí an Post Freagrachta sin sa scoil nua?

Coinneoidh. Coinneoidh sealbhóirí poist a liúntas do phost freagrachta ar ath-implonú. Ceanglófar orthu dualgais bhainistíochta inscoile a chomhlíonadh sa scoil ghlactha ar aon dul le riachtanais na scoile sin.

8. Tá múinteoir ag fáil liúntas a bhaineann go sonrach lena p(h)ost sa scoil reatha. Má dhéantar é/í a ath-implonú, an gcoinneoidh sé/sí an liúntas sin?

Más rud é go bhfuil múinteoir ag fáil liúntas a bhaineann go sonrach lena p(h)ost sa scoil reatha agus go ndéantar an múinteoir sin a ath-implonú, féach [Ciorclán 0008/2013](#) chun faisnéis a fháil faoi theidlíocht leanúnach an mhúinteora i leith an liúntais sin.

9. Má dhéantar mé a ath-implonú, an gcoinním m'ionad sinsearachta sa scoil nua?

Déanfaidh múinteoirí a ath-implonófar an tseirbhís mhúinteoireachta ináirithe a bhí acu chun críocha ardú céime a aistriú, de réir Alt 15 den [Scéim Ath-implonnaithe do Mhúinteoirí Cáilithe Iar-bhunscoile atá iomarcach mar thoradh ar dhúnadh scoile](#) agus in Alt 21 den [Scéim ath-implonnaithe do mhúinteoirí atá iomarcach seachas i gcásanna dúnta scoile](#)

10. Má dhéantar mé a ath-implonú i scoilbhliain amháin, an féidir mé a ath-implonú arís i scoilbhliain eile ina dhiaidh sin?

Feidhmíonn na scéimeanna ath-implonnaithe go neamhspleách gach bliain. In aon bhliain faoi leith, féadfar múinteoir a ainmniú i gcomhair ath-implonnaithe éigeantaigh má tá múinteoirí sa bhreis ar a leithdháileadh maidir le soláthar foirne ag a scoil/BOO. Chomh maith leis sin, is féidir le múinteoir iarratas a dhéanamh ar ath-implonú deonach, má shásaíonn sé/sí na critéir.

11. Conas a chuirfear cinneadh an Stiúrthóra maidir le m'iarratas in iúl dom?

Cuirfidh an Roinn cinneadh na Stiúrthóirí ar Imlonnú in iúl do mhúinteoirí ar ríomhphost. Cuirfear cinneadh an Stiúrthóra in iúl ar ríomhphost don scoil/BOO chuig a ndéanfar an múinteoir a ath-implonú.

12. Cén tréimhse ama atá agam chun tairiscint ar ath-implonú deonach a mheas?

Beidh 48 uair an chloig agat chun glacadh le tairiscint ar ath-implonú deonach ó na Stiúrthóirí ar Ath-implonú nó diúltú di.

13. Má theipeann orm glacadh le/diúltú do thairiscint ar ath-implonú deonach, an bhfaighidh mé tairiscint eile?

Má dhiúltaíonn tú do thairiscint ar ath-implonú deonach nó má theipeann ort glacadh le tairiscint laistigh den tréimhse atá sonraithe, ní eiseofar aon tairiscint eile an bhliain sin agus fanfaidh tú sa scoil reatha.

14. Cad a tharlaíonn nuair a ghlacaim le hath-implonú i scoil?

Chomh luath agus a fhaigheann na Stiúrthóirí ar Ath-implonú deimhniú i scríbhinn uait go bhfuil tú ag glacadh leis an ath-implonú atá molta, cuirfear é sin in iúl don scoil/BOO glactha ar ríomhphost. Nuair a dheimhnítear duit go bhfuil fógra tugtha don scoil/BOO glactha, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Príomhoide/Príomhoifigeach na scoile/an BOO glactha chun na socruithe riachtanacha a dhéanamh le bheith i do bhall d'fhoireann na scoile/an BOO sa chéad scoilbhliain eile.

15. An féidir liom iarratas a dhéanamh ar shos gairme sa scoil/BOO chuig a bhfuilim ath-implonnaithe?

Is féidir le múinteoir atá ath-implonnaithe iarratas a dhéanamh ar shos gairme chuig an scoil/BOO glactha sa chéad scoilbhliain eile.

Is faoi Bhord Bainistíochta/Phríomhoifigeach na scoile/an BOO glactha atá sé a chinneadh an bhféadfar sos gairme a dheonú do mhúinteoir atá ath-implonnaithe sa scoil.

16. An bhfuil grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána riachtanach i gcás múinteora a cheaptar chuig scoil/BOO faoi na scéimeanna ath-implonaithe?

Ní mór do gach duine atá á c(h)eapadh chuig post teagaisc, lena n-áirítear ath-implonú, na riachtanais ghrinnfhiosrúcháin a bhfuil breac-chuntas orthu sna [socruithe maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána](#) atá foilsithe a shásamh.

17. An bhfuil próiseas achomhairc ar fáil mura n-éiríonn le m'iarratas ar ath-implonú deonach?

Níl, níl aon phróiseas achomhairc ar fáil. Tá na Stiúrthóirí ar Ath-implonú fostaithe ag an Roinn chun an próiseas ath-implonaithe a fheidhmiú ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Is cinneadh críochnaitheach cinneadh na Stiúrthóirí.

18. Má dhéantar mé a ath-implonú, an bhfuil próiseas achomhairc ann mura n-éiríonn leis an ath-implonú?

Faoi na socruithe i gcomhair ath-implonaithe, ní mór do mhúinteoir atá ath-implonaithe fanacht sa scoil/BOO glactha ar feadh scoilbhliain amháin ar a laghad. Is féidir le múinteoir atá ath-implonaithe nó scoil/BOO glactha athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh i leith ath-implonaithe a rinne na Stiúrthóirí ar Ath-implonú. Ní mór don mhúinteoir an t-athbhreithniú a chur isteach tríd an gceardchumann múinteoirí lena mbaineann a bhfuil sé/sí mar bhall ann. Ní mór don scoil/BOO an t-athbhreithniú a chur isteach tríd an gcomhlacht bainistíochta scoile lena mbaineann. Ní mór na hathbhreithnithe go léir a chur isteach i scríbhinn chuig na Stiúrthóirí ar Ath-implonú roimh an 31 Márta sa bhliain i ndiaidh don ath-implonú tarlú.

D'fhéadfadh na Stiúrthóirí ar Ath-implonú cinneadh a dhéanamh an t-ath-implonú bunaidh a dheimhniú nó soláthar a dhéanamh d'ath-implonú leasaithe laistigh de théarmaí na scéime. Is cinneadh críochnaitheach cinneadh na Stiúrthóirí agus níl teacht ar aon bhealach eile chun athbhreithniú ar an ath-implonú a iarraidh.